# Lá Náisiúnta Thairseach na nEalaíon san Oideachas 2024

I gcomhar le Scoil na hEalaíne agus Deartha, Ollscoil Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath



ARTS IN EDUCATION
Na hEalaíona san Oideachas

Dé Sathairn, 9 Samhain 2024 Scoil na hEalaíne agus Deartha, Ollscoil Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath East Quad, Campas Ghráinseach Ghormáin, Baile Átha Cliath, Éire

artsineducation.ie

## Sceideal an Chláir

| | |
|---|---|
| 9.15am | Clárú, tae agus caife |
| 9.45am | Aitheasc Fáilte: an Dr Orla McDonagh, Déan Dhámh na nEalaíon & na nDaonnachtaí in Ollscoil Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath, agus Kate Delaney, Ball Coiste Eagarthóireachta Thairseach na nEalaíon san Oideachas agus Príomhoifigeach Cúnta sa Chlár Éire Ildánach. |
| 10.15am - 11.30am | Príomhimeacht: Plé Comhchéime |
| | **Plé Comhchéime leis na haoichainteoirí:** Leon Diop, Ceann Comhionannais, Éagsúlachta agus Ionchuimsithe Chomhairle Ealaíon na hÉireann, Francesca Hutchinson, ealaíontóir ildisciplíneach agus múinteoir iar-bhunscoile, an Dr Pádraig Kirk, Stiúrthóir Bainistíochta Oide, agus an Dr Hannah McGinley, Ollamh Cúnta san Oideachas i gColáiste Mhuire gan Smál, Durlas. Déanfaidh Jennifer Buggie cathaoirleacht ar an bplé. Ball í de Choiste Eagarthóireachta Thairseach na nEalaíon san Oideachas, Comhairleoir do na hEalaíona agus Cruthaitheacht san Oideachas leis an Roinn Oideachais agus an tIonad Oideachais, Trá Lí. |
| 11.30am - 11.55am | Sos |
| An Chéad Seisiún | |
| 11.55am – 12.45pm | **Rogha idir 3 sheisiún a bheidh ar siúl ag an am céanna: Dhá Chur i Láthair agus Plé, Ceardlann chruthaitheach amháin** |
| | Cur i Láthair agus Plé: Mantle of The Expert: A dramatic inquiry approach to teaching and learning that is engaging, imaginative and child-centred<br>Cur i Láthair agus Plé: Realising Children's Right to Art and Culture: Transforming The Ark's Engagement with Children in Schools<br>Ceardlann Chruthaitheach: Lasadh Spréacha – Lighting Sparks: Participative learning at the National Museum |
| 12.45pm - 1.30pm | Sos Lóin |
| An Dara Seisiún | |
| 1.30pm - 2.20pm | **Rogha idir 3 sheisiún a bheidh ar siúl ag an am céanna: Dhá Chur i Láthair agus Plé, Ceardlann chruthaitheach amháin** |
| | Cur i Láthair agus Plé: Open Road: Children reimagine their city<br>Cur i Láthair agus Plé: Dámhachtain Doiciméadaithe: Let's Get Real<br>Ceardlann Chruthaitheach: People I Portraits I Places |
| An Tríú Seisiún | |
| 2.20pm - 3.10pm | **Rogha idir 3 sheisiún a bheidh ar siúl ag an am céanna: Dhá Chur i Láthair agus Plé, Ceardlann chruthaitheach amháin** |
| | Cur i Láthair agus Plé: The Power of Rap: Integrating the arts, literacy, and social studies<br>Cur i Láthair agus Plé: Dámhachtain Doiciméadaithe: Marino 100 - Back to the Future<br>Ceardlann Chruthaitheach: Street Art Ink |
| 3.10pm - 3.30pm | Aitheasc Rapóirtéara: Adam Stoneman, Oifigeach Rannpháirtíochta Pobail Chruthaitheacha, Chomhairle Cathrach na Gaillimhe |
| 3:30pm | Taibhiú Deiridh |

## Aitheasc Fáilte 9.45am – 10.15am

### An Dr Orla McDonagh, Déan Dhámh na nEalaíon & na nDaonnachtaí in Ollscoil Teicneolaíochta, BÁC

### Kate Delaney, Ball de Choiste Eagarthóireachta Thairseach na nEalaíon san Oideachas agus Príomhoifigeach Cúnta sa Chlár Éire Ildánach



Dr Orla McDonagh



Kate Delaney

Is pianódóir ceolchoirme, oideolaí agus riarthóir ealaíon í an Dr Orla McDonagh. I measc na spéiseanna taighde a bhí aici le deireanaí, tá: ag taibhiú i bpáirt le haisteoirí agus obair léiriúcháin taifeadta ceoil. Ó 2011 i leith, tá Orla páirteach in obair dearbhaithe cáilíochta san Eoraip, ag dearadh na gcaighdeáin in oideachas taibhithe ceoil don Association of European Conservatoire. In 2018 rinne McDonagh cur i láthair don Chomhchoiste Oireachtais um Chultúr, Oidhreacht agus Gaeltacht faoi stádas an Cheoil in Éirinn. Tá Orla ina Déan faoi láthair ar Dhámh na nEalaíon & na nDaonnachtaí in Ollscoil Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath.

Tá Kate Delaney ina Príomhoifigeach Cúnta sa Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán. Mar chuid den chlár uile-Rialtais Éire Ildánach, déanann Kate maoirseacht ar chur i bhfeidhm Phlean Óige Ildánach 2023-2027. I gcomhpháirt leis an Roinn Oideachais, an Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige, an Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta agus an Chomhairle Ealaíon, tá sé d’aidhm ag an bPlean an chruthaitheacht a chur i gcroílár shaol na leanaí agus na ndaoine óga.



## Príomhimeacht 10.15am - 11.30am

**Plé comhstádais leis na haoichainteoirí Leon Diop, Ceann Comhionannais, Éagsúlachta agus Ionchuimsithe Chomhairle Ealaíon na hÉireann; Francesca Hutchinson, ealaíontóir ildisciplíneach agus múinteoir iar-bhunscoile; an Dr Pádraig Kirk, Stiúrthóir Bainistíochta Oide; agus an Dr Hannagh McGinley, Ollamh Cúnta san Oideachas i gColáiste Mhuire gan Smál, Durlas.**

**Beidh Jennifer Buggie, Ball de Choiste Eagarthóireachta Thairseach na nEalaíon san Oideachas, Comhairleoir do na hEalaíona agus Cruthaitheacht san Oideachas leis an Roinn Oideachais agus an tIonad Oideachais, Trá Lí, ina cathaoirleach ar an bpainéal a dhéanfaidh iniúchadh ar théama na bliana seo, "Amplifying All Voices", agus plé ar an gcaoi ar féidir le haimpliú gach gutha sa chruthaitheacht agus san oideachas daoine a chumasú, muinín a thógáil, paisean a chruthú agus tacaíocht a chur ar fáil.**



Leon Diop



Francesca Hutchinson



Dr Pádraig Kirk



Dr Hannagh McGinley

Is é Leon Diop Ceann Comhionannais, Éagsúlachta agus Ionchuimsithe (CÉI) na Comhairle Ealaíon. Chomh maith leis sin, is comhbhunaitheoir agus iar-Príomhoifigeach Feidhmiúcháin é de Black and Irish. Tá an eagraíocht dírithe ar dhaoine a chur ar an eolas faoi shaol na nÉireannach Gorm agus de Chine Measctha, agus ceiliúradh a dhéanamh orthu. Is scríbhneoir foilsithe é Leon agus scríobh sé Black & Irish: Legends, Trailblazers & Everyday Heroes i gcomhar le Briana Fitzsimons, leabhar a bhuaigh An Post Irish Book Award. Tá sé ar bhord an Tionscnaimh Forbartha don Óige, agus ar bhord Chomhpháirtíocht Thamhlachta agus Chontae Átha Cliath Theas faoi láthair.

Is ealaíontóir ildisciplíneach agus oideoir í Francesca Hutchinson, atá lonnaithe in Uíbh Fhailí. Bhain Francesca céim Mháistreachta Gairmiúla san Oideachas amach in Ealaín agus Dearadh leis na meáin dhigiteacha le deireanaí. Roimhe sin, bhain sí céim amach i Scoil na hEalaíne agus Deartha i Luimneach, áit a ndearna sí speisialtóireacht sa Mhínealaín, Péinteáil (2022). Tá Francesca an-tiomanta don dá ghné dá féiniúlacht – an t-ealaíontóir agus an t-oideoir – a chaomhnú agus a chothú, trí theagmháil leanúnach a bheith aici lena cleachtas ealaíne féin, agus trí chomhtháthú chleachtas an ealaíontóra a eiseamláiriú do dhaoine óga.

Bhain an Dr Pádraig Kirk céim amach in Ollscoil Luimnigh, in Ollscoil Mhá Nuad agus in Óstaí an Rí. Bhí sé ina mhúinteoir Innealtóireachta/Grafaicí ar dtús, in Ó Fiaich College, Dún Dealgan. Tar éis tréimhse a chaitheamh le hInnealtóirí na hÉireann, Baile Átha Cliath, thosaigh Pádraig ag obair sa Roinn Oideachais mar Chigire Sinsearach, áit a raibh réimse leathan ról aige, ina measc obair cigireachta scoile, caidreamh Thuaidh/Theas, aonad tógála na Roinne agus in Aonad Tacaíochta agus Taighde na Cigireachta ar an Measúnú. In 2009 ceapadh Pádraig ina Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin ar Choiste Gairmoideachais Chontae Lú agus nuair a bunaíodh na Boird Oideachais agus Oiliúna in 2013, d'fhill Pádraig ar an Roinn le bheith i gceannas ar bhunú na Sraithe Sóisearaí do Mhúinteoirí, seirbhís tacaíochta a raibh sé i gceannas uirthi go dtí 2023. Tá Pádraig ina Stiúrthóir Bainistíochta ar Oide, seirbhís nua idir-rannach na Roinne a chuireann tacaíocht ar fáil do scoileanna.

Tá an Dr Hannagh McGinley ina ball de phobal Mincéirí/Pavee na hÉireann (ar a dtugtar an Lucht Siúil go minic). Baineann a saineolas taighde le hoideachas an Lucht Siúil, frithchiníochas, cuir chuige atá freagrúil go cultúrtha agus cuir chuige idirchultúrtha i leith an oideachais. Is iomaí ról a bhí aici, ina measc sin: múinteoir iar-bhunscoile, cleachtóir forbartha pobail, léachtóir ócáideach agus comhordaitheoir modúil. D'oibrigh an Dr McGinley mar Oifigeach Oideachais sa Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (CNCM) tráth a raibh sí freagrach as dul chun cinn a dhéanamh ar na moltaí ó shaothar CNCM, Cultúr agus stair an Lucht Siúil sa churaclam: iniúchadh curaclaim. Ceapadh í ina hOllamh Cúnta san Oideachas i gColáiste Mhuire gan Smál, Durlas le deireanaí.

## An Chéad Seisiún 11.55am - 12.45pm

Cur i Láthair agus Plé

### Mantle of the Expert: A dramatic inquiry approach to teaching and learning that is engaging, imaginative and child-centred



Tara Power

Déanfaidh Tara Power, Léachtóir Cúnta le Drámaíocht san Oideachas in Ollscoil Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath, plé ar an gcur chuige Fiosrúcháin Dhrámatúil a úsáideann sí ina ceardlanna Mantle of the Expert (MOE). Chruthaigh Dorothy Heathcote (1926-2011), oideoir a bhíodh lonnaithe sa Ríocht Aontaithe, MOE. Bíonn riachtanais agus spéiseanna an ghrúpa, agus cuspóirí an churaclaim mar bhunchloch an chuir chuige seo atá dírithe ar an scoláire, agus déantar tuilleadh forbartha air sa seomra ranga ina gcruthaíonn na hoideoirí agus na scoláirí fíorspásanna agus spásanna bréige le chéile. Fiosraítear teannas, coimhlintí, agus cinntí laistigh agus lasmuigh den ról, agus socraítear réitigh i dteannta a chéile. Is féidir MOE a úsáid le foghlaim-eoirí idir óg agus aosta agus is féidir é a chur i bhfeidhm i réimse leathan ábhar, rud a fhágann go mbeidh an fhoghlaim fiúntach agus spreagúil.

Cur i Láthair agus Plé

### Realising Children's Right to Art and Culture: Transforming The Ark's engagement with children in schools



Shannon Callahan

Beidh Shannon Callahan ag labhairt faoi chlár rochtana do scoileanna The Ark, agus conas a dhéantar iarracht ealaín a chruthú agus a roinnt le haghaidh páistí, leo, in dteannta agus fúthu, ag aithint cheart na bpáistí chun na healaíne agus an chultúir le huaillmhian agus le háthas. Taispeánfaidh sí conas atá an clár rochtana ag sárú bacainní airgeadais agus sóisialta fad agus atá rannpháirtíocht leanúnach, chuimsitheach á spreagadh le leanaí. Is í Shannon an Comhordaitheoir Foghlama agus Scoileanna, agus déanfaidh sí plé ar chuspóirí an chláir agus ar a thionchar leis an gComhordaitheoir City Connects Emma Nugent. Labhróidh Shannon freisin faoi iarrachtaí The Ark freastal ar pháistí go náisiúnta trí Live From the Ark, a thugann eispéiris bunaithe ar an spás de ghnáth do lucht féachana níos mó ar bhealach suntasach, nach ndéanfar dearmad air go deo.

Ceardlann Chruthaitheach

### Lighting Sparks: Participative learning at the National Museums



Helen Beaumont



Niamh Keating

Bí páirteach le Helen Beaumont, Oifigeach Oideachais agus For-Rochtana agus Niamh Keating, Oifigeach Cúnta Oideachais agus For-Rochtana ó Ard-Mhúsaem na hÉireann, Ealaíona Maisiúla agus Stair, Dún Uí Choileáin, don seisiún praiticiúil seo a dearadh chun an fhoghlaim atá bunaithe ar ábhar a bhíonn ar bun ag an Ard-Mhúsaem a chur i láthair do na rannpháirtithe. Leis an gceardlann Changemakers, a cruthaíodh mar fhreagairt ar an taispeántas nua 'is muid údair ár scéalta féin' le healaíontóir cónaithe an Mhúsaeim, Anthony Haughey, spreagtar na rannpháirtithe róil na n-athraitheoirí mór le rá i stair na hÉireann a fhiosrú, chun a ngníomhachas féin a spreagadh agus athrú don todhchaí. Léirítear sa cheardlann conas a úsáidtear réada an Mhúsaeim, atá ar fáil in Ard-Mhúsaem ar fud na tíre, ar bhealaí nuálacha, cruthaitheacha san fhoghlaim thraschuraclaim, ag léiriú conas is féidir leis an bhfoghlaim atá bunaithe ar ábharcur leis na scileanna breathnaitheacha, teanga agus éisteachta, an smaointeoireacht chriticiúil agus an ionbhá a spreagadh, agus freastal ar réimse stíleanna foghlama.

Cliceáil anseo chun tuilleadh a léamh faoi na seisiúin seo:
artsineducation.ie/en/2024-national-portal-day-first-session/

**Sos Lóin** 12.45pm - 1.30pm

## An Dara Seisiún Comhuaineach 1.30pm - 2.20pm

### Cur i Láthair agus Plé

**Open Road: Children reimagine their city**



Tadhg Crowley

Roinnfidh an Coimeádaí Sinsearach, Tadhg Crowley ó The Glucksman, Coláiste na hOllscoile Corcaigh, léargais ón tionscadal Open Road. Dearadh tionscadal The Glucksman Open Road chun guthanna na bpáistí ó phobail imeallaithe a aimpliú agus ceiliúradh a dhéanamh ar a gcruthaitheacht sa réimse poiblí. In earrach 2021, thug The Glucksman cuireadh don ealaíontóir Fatti Burke an chéad obair ealaíne asfailt riamh i gCorcaigh a dhearadh le grúpa páistí ó phobail a mbíonn níos lú deiseanna acu páirt a ghlacadh i gcláir chultúrtha, ealaíonta, chruthaitheacha. Tháinig páistí idir 6-12 bhliain d'aois go dtí an músaem ó Mayfield Youth Café agus Good Shepherd Cork chun oibriú i gcomhar leis an ealaíontóir, scileanna cruthaitheacha a fhoghlaim agus dearadh an tsaothair uathúil ealaíne a mhúnlú.

### Cur i Láthair agus Plé

**Buaiteoir Dhámhachtain Doiciméadaithe Thairseach na nEalaíon Sraith: Let's Get Real**



Ana Colomer



Ruth O' Keeffe



Streetwise Animators

Roinnfidh foghlaimeoirí an chláir Streetwise Comfort, Elva, Hannah, Noah agus Tara leis an ealaíontóir Ana Colomer agus an teagascóir agus príomhoibrí Ruth O'Keeffe, léargas ar a gcomhoibriú chun an gearrscannán 'Who Do You Think We Are?' a iniúchadh agus a léiriú. Le cur i láthair físiúil agus díospóireacht phainéil leis na beochantóirí, déanfaidh siad cur síos ar an mbunús leis an tionscadal, an próiseas cruthaitheach, na naisc a rinneadh le linn an aistir, agus, níos tábhachtaí ná aon rud eile, ról lárnach na rannpháirtithe ón tús uile.

### Ceardlann Chruthaitheach

**People I Portraits I Places**



Yvonne Condon



Rosaleen Moore

Bí páirteach leis na healaíontóirí Yvonne Condon agus Rosaleen Moore don cheardlann chruthaitheach seo ina ndéantar iniúchadh ar dhaoine, ar phortráidí agus ar áiteanna. Ag obair taobh le Yvonne, iarrfar ar rannpháirtithe portráidí ar an toirt a chruthú ag baint úsáid as modhanna spraíúla, ag léiriú chroí na híomhá. Roinnfidh Rosaleen a cur chuige 'pálás cuimhne' i leith áit a léiriú, ag cur fáilte roimh rannpháirtithe a bheith ag obair taobh léi. Beidh na héascaitheoirí stiúideo, Sue Dolan agus Katie Forsyth ar fáil chomh maith chun Crawford Supported Studios a chur in aithne, a bhíonn á stiúradh ag Gailearaí Crawford agus Coláiste Ealaíne agus Deartha Crawford MTU. Díríonn stiúideo tacaithe ar riachtanais na n-ealaíontóirí faoi mhíchumais, ag cur spás stiúideo sábháilte ar fáil, chomh maith le cúnamh praiticiúil le cumarsáid/iompar agus rochtain ar oiliúint ghairmiúil, forbairt agus piaraí.

Cliceáil anseo chun tuilleadh a léamh faoi na seisiúin seo:
artsineducation.ie/en/2024-national-portal-day-second-session/

## An Tríú Seisiún 2.20pm - 3.10pm

### Cur i Láthair agus Plé

**The Power of Rap: Integrating the arts, literacy, and social studies**



Veronica Ward

Sa chur i láthair seo, léireoidh an múinteoir bunscoile agus léachtóir Veronica Ward conas is féidir le rapcheol agus cruthú físeáin cur le curaclam na bunscoile. Foghlaimeoidh na rannpháirtithe conas aonad traschuraclaim a dhearadh ina scríobhann na scoláirí a rap féin faoin mBaile, ag tabhairt guth cumhachtach dóibh, ag ligean dóibh plé a dhéanamh ar an imirce agus ar an díláithriú óna ndearcthaí féin. Treoróidh an seisiún seo na rannpháirtithe le héascaíocht ar scríobh an rapcheoil a spreagann féinléiriú, an smaointeoireacht chriticiúil agus an fheasacht chultúrtha. Chomh maith leis sin, déanfar iniúchadh ar phróiseas an scéalchláraithe, na scannánaíochta agus na heagarthóireachta nuair a chruthaítear físeán den rap.

### Cur i Láthair agus Plé

**Buaiteoir Dhámhachtain Doiciméadaithe Thairseach na nEalaíon Sraith: Marino 100 Back to The Future**



Heather Gray



Joan Lyne



Robin Stewart

Roinnfidh an t-ealaíontóir Heather Gray, an múinteoir Joan Lyne agus Leabharlannaí Chlár Scoile na Sraithe Sóisearaí, Robin Stewart ó Choláiste Marino léargas óna gcuid oibre ar Chlár agus Féile Creative Minds Marino 100: 'Back to the Future' a bheidh ar siúl den cheathrú bliain. Déanfaidh siad plé ar conas a rinne an togra seo, á spreagadh ag daoine óga i Lárchathair Thoir Thuaidh Bhaile Átha Cliath, rannpháirtíocht an phobail a chothú, ceiliúradh ar an éagsúlacht chultúrtha, agus conas a d'athraigh sé dearcthaí i leith an cheantair. Gheobhaidh rannpháirtithe tuiscint ar conas a mhúnlaigh an comhoibriú idir scoileanna, ealaíontóirí, agus an pobal áitiúil fás na féile agus conas a bhí guth an pháiste ag a chroílár i gcónaí. Labhróidh siad freisin faoi chlár na bliana seo, agus conas a bhí siad ábalta Creative Minds a chur le hamchlár na hIdirbhliana, agus na ceachtanna a fhoghlaimíodh in imeacht na mblianta chun pleanáil níos éasca a chinntiú agus cur i bhfeidhm don todhchaí.

### Ceardlann Chruthaitheach


**Street Art Ink**



MJ Jacob

Bí páirteach leis an ealaíontóir cónaithe agus dearthóir MJ Jacob ó Street Art Ink sa cheardlann seo ina ndéantar iniúchadh ar an ealaín sráide mar uirlis chumhachtach chun guth na ndaoine imeallaithe a aimpliú. Foghlaimeoidh na rannpháirtithe faoina ról i ngluaiseachtaí sóisialta agus conas a chothaíonn sé féinléiriú agus rannpháirtíocht an phobail. Tabharfaidh MJ léargas ginearálta ar thionchar na healaíne sráide ar ghuth a thabhairt do phobail faoi ghannionadaíocht, le samplaí ó chultúir éagsúla. Cuirfear fáilte roimh rannpháirtithe ealaín sráide a chruthú ar chanbhás iniompartha, ag díriú ar an éagsúlacht agus ar an ionchuimsiú. Múinfear teicnící bunúsacha sprae agus stionsail agus bainfidh na rannpháirtithe úsáid as na scileanna sin chun a saothar ealaíne féin a chruthú. Ag deireadh na ceardlainne, roinnfidh rannpháirtithe a gcuid ealaíne, ag déanamh machnamh ar conas a léiríonn sé scéalta pearsanta agus pobail.

Cliceáil anseo chun tuilleadh a léamh faoi na seisiúin seo:
artsineducation.ie/en/2024-national-portal-day-third-session/





## Aitheasc Rapóirtéara:
## 3.10pm - 3.30pm

Roinnfidh Adam Stoneman, Rapóirtéir an Lá Náisiúnta do na hEalaíona san Oideachas, a chuid smaointe maidir le himeachtaí an lae. Bainistíonn Adam an Clár Éire Ildánach do Chomhairle Cathrach na Gaillimhe, ag tacú le tograí cultúrtha agus cruthaitheacha i bpobail mhionlaithe, imeallaithe. Le cúlra i Stair na hEalaíne, d'oibrigh sé in iarsmalanna éagsúla, ina measc The Science Museum i Londain, Iarsmalann Hunt, Dánlann Ealaíne Chathair Luimnigh, agus IMMA. Tá ábhar scríofa aige d'fhoilseacháin ar nós Jacobin, Tribune, Engage: Journal of Visual Art and Gallery Education, Museum Ireland, Nuachtlitir na nAmharc-ealaíontóirí agus Tairseach na nEalaíon san Oideachas.



Adam Stoneman

## Taibhiú
## 3.30pm

Taibhiú clabhsúir le baill chlub mhéarchlár, chlub giotár agus chlub banna ceoil Choláiste Marino.

# Lá Náisiúnta Thairseach na nEalaíon san Oideachas 2024

I gcomhar le Scoil na hEalaíne agus Deartha, Ollscoil Teicneolaíochta BÁC

**#AiENatDay**
**#AiEPortal**
**@ArtsEdPortal_ie**



**Sonraí na n-íomhánna**
Leathanach Tosaigh, Leathanach 3, Clúdach Cúil:
Le Caoinchead Chian Flynn, 2023, Lá Náisiúnta Thairseach na nEalaíon san Oideachas

Leathanach 8:
(ar bharr) Le Caoinchead Emma Kavanagh, Tairseach na nEalaíon san Oideachas, Tionscadal Bhuaiteoirí Dhámhachtain Dhoiciméadaithe Thairseach na nEalaíon 2023, 'SCÉALTA - Our Bus, Our Journey' faoi stiúir an ealaíontóra chónaithe Cliodhna Noonan le Cúram Leanaí Phobal Thuama Agus Wiz Kidz, Tuaim, Co. na Gaillimhe; (ar bun) Le Caoinchead Chian Flynn, 2023, Lá Náisiúnta Thairseach na nEalaíon san Oideachas.